

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile-Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil Chaitríona
Bóthar Mobhí, Glasnaíon, Baile Átha Cliath 9
Uimhir rolla: 60700R**

Dáta na cigireachta: 8 Bealtaine 2014



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S
A N C H I G I R E A C H T

Meastóireacht Scoile-Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Rinneadh meastóireacht scoile-uile ar bhainistíocht, cheannaireacht agus foghlaim i mí na Bealtaine 2014 i Scoil Chaitríona. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thátail na meastóireachta agus ar mholtaí a tugadh ar mhaithe le feabhsú na scoile. I rith na meastóireachta, bhuaill an fhoireann chigireachta le bord bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann bhainistíochta in-scoile agus le grúpaí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Chomh maith leis seo, bhreathnaigh na cigirí ar raon de cháipéisíocht scoile agus ar na freagraí a tugadh i gceistneoirí agus scrúdaigh siad sonraí eile maidir le feidhmiú na scoile. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh cigireacht ar raon de cheachtanna in ábhair éagsúla.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Réamhrá

Meánscoil Chaitliceach, lán-Ghaeilge, chomhoideachais is ea Scoil Chaitríona. Ba í an chéad mheánscoil lán-Ghaeilge do chailíní sa tír í, tráth a bunaithe in 1928. Maireann ceangal le hOrd na Siúracha Doimniceacha, bunaitheoirí na scoile, faoi ‘Le Chéile – Iontaobhas Scoileanna Caitliceacha’.

423 scoláire atá cláraithe in 2013/14. Is iad na cláir atá ar fáil ná an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain atá mar chlár éigeantach, agus an Ardteistiméireacht bhunaithe. Dílseacht a chothú don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach, agus forbairt iomlán na scoláirí a chur chun cinn, atá luaite mar phríomhaidhmeanna na scoile.

ACHOIMRE AR THÁTÁIL AGUS MOLTAÍ D’FHORBAIRT BHREISE

Príomhthátail

- Tá gá le ceannaireacht straitéiseach ón mbord agus ón mbainistíocht shinsearach chun fíis chomhaontaithe a leagadh amach don scoil don todhcháí.
- Réimse chun forbartha is ea ceannaireacht éifeachtach a chur ar fáil don teagasc agus foghlaim sa scoil de bhreis ar na buanna a aithnítear sa tuairisc.
- Tá cúrsaí tréadchúraim préamhaithe go maith; tá sprid láidir agus dea-atmaisféar folláin i réim idir na scoláirí agus na múinteoirí.
- Tá clár leathan ábhar ar fáil ar churaclam na scoile agus tá meas go forleathan ar chlár agus ar bhainistiú na hIdirbhliana.
- Bhain dea-cháilíocht nó archáilíocht leis an teagasc agus foghlaim i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh agus bhí láidreachtaí suntasacha go follasach i gceachtanna áirithe díobh sin; áiríodh scóip chun forbartha ar líon beag eile, ceacht amháin as gach ceithre cinn ar tugadh cuairt orthu.

Moltaí d’Fhorbairt Bhreise

- Moltar don bhord sceideal athbhreithne agus meastóireachta a leagadh amach ar pholasaithe agus ar phríomhghnéithe na scoile le linn a théarma.
- Ar mhaithe le fíis chomhaontaithe a shainiú don scoil, moltar don bhord tuarascáil ar oibriú agus feidhmiú na scoile a fhoilsiú, in aon scoilbhliain dá théarma oifige.
- Ba chóir go mbeadh ceannaireacht ar an teagasc agus foghlaim níos lárnaí i gcúraimí na bainistíochta sinsearaí, mar a bhaineann le cúraimí ceannaireachta an

phríomhoide go háirithe, agus is den tábhacht é obair na foirne a dhearbhu agus plé gairmiúil a chur ar bun chun feabhsúcháin a cheapadh.

- Moltar cur chuige comónta don phleanáil ábhair sa scoil a aontú agus úsáid a bhaint as teimpléad comónta pleanála.
- Bonn ar aon leis an bplean feabhsúcháin scoile (PFS) don litearthacht Ghaeilge, moltar straitéisí breise a cheapadh mar thaca don fhoireann le cruinneas na Gaeilge a fheabhsú agus tiomantas na scoláirí do labhairt na Gaeilge a spreagadh.

1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CEANNAIREACHT NA SCOILE

1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile – an bord bainistíochta

Tá an bord bainistíochta reatha, atá i dtús a théarma, bunaithe mar is cuí. Tá ceangal éiritheach le feiceáil leis an iontaobhas scoileanna nua ‘Le Chéile’. Dá chomhartha sin tuarascáil deireadh na bliana a chuireann an bord ar fáil ar bhainistiú agus riar na scoile don iontaobhas.

Cé go bhfuil polasaithe éigeantacha áirithe glactha, níor léir cleachtais dea-bhunaithe i dtaca le hathbhreithniú agus meastóireacht ar phríomhghnéithe na scoile. Is maith go bhfuil an méid sin mar sprioc roimh an mbord nua. Ar na polasaithe scoile éagsúla a iniúchadh, níor léir dáta faofa ná athbhreithnithe ach ar an gcód iompair amháin.

Is é an cód iompair an t-aon pholasaí, le trí bliana anuas, ar tugadh faomhadh dó agus is é an polasaí ar oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG), atá ina dhréacht go fóill, an t-aon cheann eile a ndearnadh iniúchadh air. Ní dheachthas i gcomhairle le pobal uile na scoile i ndruchtú an chóid iompair. Tá an bord nua meáite ar an easnamh sin a leigheas trí threoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) a chur i bhfeidhm go siarghabhálach. Sprioc eile atá roimh an mbord nua ná an polasaí éigeantach OCG gan faomhadh ná i bhfeidhm sa scoil fós.

Tá coiste tuismitheoirí (CT) an-ghníomhach sa scoil. De bhreis ar mhórbair tiomsaithe airgid, tá gréasán fairsing teagmhálacha curtha ar bun mar thaca don Treoir chun taithí theagmhálach ar ghairmeacha a roinnt leis na scoláirí. Obair ar fónamh í seo. Tá rún daingean ag an gcoiste cáilíocht na cumarsáide leis an scoil a riar agus táthar sásta go bhfuil rath ar na hiarrachtaí sin. Tá comhairle scoláirí ag feidhmiú agus cúraimí éagsúla air. Cé go luaitear ról sonrach dó sa chomhpháirtíocht pleanála, bhí an fhianaise ina leith seo teoranta. B’fhiú cur le seasamh na comhairle. Moltar don bhord naisc le coiste na dtuismitheoirí agus le comhairle na scoláirí a fhorbairt.

Tá gá le cáilíocht na cumarsáide le pobal na scoile ar fad a fheabhsú. Cé go bhfuil córas ríomhphoist foirne á fhorbairt chun cur leis an gcumarsáid leis an mbainistíocht shinsearach, mar shampla, áirítear mar achar chun forbartha é, mar sin féin, ar chóir díriú air.

D’aithin CT an gá atá le fíis don scoil a aontú mar chroícheist i mbainistiú agus ceannaireacht na scoile. Tá cur chuige an bhoird bhainistíochta nua le moladh as aighneachtaí a lorg ó na páirtithe leasmhara chun plean forbartha scoile a dhréachtú. Ag éirí as an aiseolas go dáta, chuir an bord fíis don todhchaí 2014-2020 i láthair le linn na meastóireachta.

Cé gur luadh ábhar fiúntach ann, áirítear nach leor na haighneachtaí a fuarthas mar bhonn le plean forbartha scoile. Athnuachan ar acmhainní sa ghnáthshlí ba ea cuid mhór díobh. Tá gá le ceannaireacht chun na snáitheanna éagsúla a chur i dtreo físe don todhchaí 2014-2020, na snáitheanna a bhain leis an gcraclam agus le cur chun cinn an tsármhaitheasa sa teagasc agus foghlaim mar shampla. Sa chomhthéacs seo, b’fhiú ráiteas misin na scoile a

athbhreithniú, féachaint an bhfuil gá lena thabhairt níos cothroime le dáta agus mír bhreise a chur ann i dtaca le teagasc agus foghlaim. Ba chóir spriocanna cinnte a bheachtú ó mhianaídhmeanna agus fráma ama a leagan amach dóibh lena ngnóthú. B'fhiú don bhord nua na spriocanna sin a dtabhfar tús áite dóibh le linn théarma an bhoird a shainaitint mar spriocanna gearrthréimhseacha agus spriocanna eile a chláru don mheántréimhse agus don bhfadtréimhse.

Ar mhaithe le fíis chomhaontaithe a shainiú don scoil, agus cúrsaí cumarsáide i measc phobal na scoile i gcoitinne a fheabhsú, moltar don bhord tuarascáil ar oibriú agus feidhmiú na scoile a fhoilsiú, in aon scoilbhliain dá théarma oifige, le scaipeadh ar phobal uile na scoile. Bheadh tagairt sa tuarascáil go háirithe do ghnóthú cuspóirí mar atá leagtha amach sa phlean scoile.

Pléann foireann mheánbhainistíochta go príomha le ceannasaíocht ar scoláirí. Rinneadh athbhreithniú cheana, ar chúraimí na bpost seo a chur in oiriúint níos mó do riachtanais reatha na scoile. Cé nach ndearnadh aon athrú ar na cúraimí, tá sé le moladh go bhfuil cúraimí breise á nglacadh ar láimh ag sealbhóirí poist agus is céim dhearfach é go bhfuil baill uile na foirne páirteach ar shé cinn de choistí pleanála. B'fhiú iarraidh ar shealbhóirí poist tuairisc dheireadh bliana a réiteach ar a gcuid post agus an tuairisc seo a bheith mar bhonn le plé gairmiúil leis an mbainistíocht shinsearach.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Bhí nithe dearfacha le háireamh ar éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim. Orthu seo bhí mian na bainistíochta sinsearaí leis an gcáilíocht is fearr teagaisc agus foghlama a sholáthar, an anailís ar ghnóthachtáil i scrúduithe teistiméireachta, agus an aird ar mholtaí tuairiscí cigireachta ábhair. Bhí an tacaíocht don fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag leibhéal na ranna ábhair ón mbord le moladh. Tá cáilíochtaí breise iarchéime bainte amach ag múinteoirí áirithe agus tá oiliúint á cur ar an bhfoireann i gcomhtháthú acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). Áirítear freisin díograis agus féinspreagthacht na múinteoirí i leith leasa na scoláirí agus ranganna breise scrúduithe teistiméireachta á gcur ar fáil, in am na múinteoirí féin, rud a d'admhaigh tuismitheoirí agus scoláirí go fial.

D'aineoinn na mbuanna seo, áiríodh scóip chun forbartha don bhainistíocht shinsearach, agus do ról an phríomhoide go háirithe, chun ceannaireacht éifeachtach a chur ar fáil don teagasc agus foghlaim. Agus na cúraimí a bheidh le roinnt feasta idir an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach á saineiú, tá gá le díriú níos mó ar cheannaireacht ar theagasc agus foghlaim. Is den tábhacht é díriú ar an gceist seo i gcás na gcúraimí a luaitear le post an phríomhoide go háirithe. Baineann cáilíocht na cumarsáide leis an bhfoireann teagaisc le hábhar anseo chomh maith.

I gcás ráiteas misin na scoile féin, atá gan athbhreithniú le fada, níl ach tagairt chliathánach ann don tsármhaitheas sa teagasc agus foghlaim a chur chun cinn. B'fhiú príomhaidhmeanna an ráitis mhisin a athbhreithniú, gan dochar don aidhm atá ann ón tús leis an nGaeilge a bheith lárnach i saol na scoile. Maítear aird níos mó a dhíriú ar an scoil a bheith ina hionad barr feabhais don teagasc agus foghlaim ar phríomhaidhmeanna don scoil.

Déanann an bhainistíocht shinsearach feabhas an teagaisc agus na foghlama a mheas trí fhoinisí ar nós tuairiscí scoile, sonraí gnóthachtála scrúduithe, aiseolas ó thuismitheoirí agus ó scoláirí agus clár san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) don fhoireann uile a sholáthar. Is foinsí tánaisteacha iad seo, áfach, agus áirítear an clár FGL don fhoireann uile a cuireadh ar fáil go dtí seo a bheith teoranta maidir le straitéisí teagaisc agus foghlama a chur chun

cinn. Os a choinne sin tá tionscnaíocht áirithe sa teagasc agus foghlaim ar bun i measc ranna ábhair, dá ndeoin féin, agus le spreagadh agus tacaíocht bhainistíocht shinsearach na scoile, ar nós an bhuíontegaisc.

Déantar tuairim bhainistíocht na scoile ar cháilíocht an teagaisc a chur in iúl do mhúinteoirí go neamhfhoirmeálta. Is den tábhacht é obair na foirne a dhearbhu agus plé gairmiúil a chur ar bun chun feabhsúcháin a cheapadh. Faoi láthair níl lámhleabhar foirme ar fáil don fhoireann. Níl polasaí foirmeálta leagtha síos le múinteoirí nua a ionduchtú agus a threorú. Áirítear na socrúithe a bhaineann le mic léinn an Diplóma Ghairmiúil san Oideachas a cheapadh agus a stiúradh a bheith scaoilte. Laige follasach ar an gceannaireacht don fhoghlaim is ea an mí-eagar atá ar chúrsaí don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), ábhar atá gan chomhordaitheoir, gan phlean ábhair ar fónamh, gan struchtúr le FGL a chur ar fáil do na múinteoirí ná socrúithe maithe chun múinteoirí a spreagadh leis an ábhar a theagasc.

Baineann ardcháilíocht leis an gcúram a dhéantar do na scoláirí. Tá córas tréadchúram préamhaithe go láidir sna struchtúir mheánbhainistíochta agus in eagar na ranganna. Tá foireann tacaíochta scoláirí curtha ar bun le déanaí. Baineann laigí áirithe leis an gcruinniú seachtainiúil do chinn bhliana leis an mbainistíocht shinsearach faoina bhfuil dhá bhliainghrúpa gan ionadaíocht.

Tá seirbhís don Treoir agus Comhairleoireacht ar fáil a théann i bhfad thar a bhfuil dlite dó ar an amchlár agus tá meas tuismitheoirí agus scoláirí ar an tseirbhís lánsoiléir. Tá saineolas in oideachas riachtanais speisialta á fhorbairt faoi bheirt mhúinteoirí atá cáilithe go cuí. B'fhiú tacaíochtaí a aithint le cur ar fáil do na scoláirí is ardghnóthachtála chomh maith.

Tá clár leathan ábhar ar churaclam na scoile agus tá meas go forleathan ar chlár agus ar bhainistiú na hIdirbhliana. Tá gá mar sin féin leis an soláthar curaclaim a athbheithniú. Tá an Teicneolaíocht á cur ar fáil go leibhéal an Teastais Shóisearaigh amháin, mar shampla. Tá ábhair phraiticiúla eile in easnamh. B'fhiú na buntáistí a bhainfeadh le Clár Gairme na hArdteistiméireachta a chur ar fáil a iniúchadh.

Is bua mór ag an scoil an sprid láidir agus an dea-atmaisféar folláin atá i réim idir na scoláirí agus na múinteoirí, a bhuíochas ar an réimse mór imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim atá ar fáil as obair dheonach na múinteoirí.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

1.3 Bainistíocht ar áiseanna

Tá an scoil suite ar láthair thaitneamhach. Tá nasc an-mhaith idir an scoil agus an cumann spóirt áitiúil le hacmhainní a chéile a chomhroinnt. Tá cúrsaí spóirt go láidir sa scoil.

Coinnítear láthair na scoile glan. Tá athchóiriú leanúnach á dhéanamh ar an bhfoirgneamh agus chabhraigh coiste na dtuismitheoirí go mór le hacmhainní Eacnamaíocht Bhaile a athchóiriú. B'fhiú cur leis na hiarrachtaí chun timpeallacht spreagúil foghlama a chruthú sna seomraí ranga agus ar na pasáistí. Moltar dlús a chur le hiarrachtaí chun an leabharlann a chur níos mó chun tairbhe na foghlama.

2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

2.1 Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc

Fiche tréimhse ranga a bhí i gceist sa mheastóireacht, rogha de cheachtanna a chuimsigh réimse ábhar san uile bhliainghrúpa. Bhain dea-cháilíocht nó ardcháilíocht leis an teagasc agus foghlaim i dtromlach na gceachtanna a breathnaíodh agus bhí láidreachtaí suntasacha go follasach i gceachtanna áirithe díobh sin; áiríodh scóip chun forbartha ar líon beag eile, ceacht amháin as gach ceithre cinn ar tugadh cuairt orthu. Baineadh úsáid thairbheach as acmhainní TFC sa chuid ba mhó de na ceachtanna agus bhí dáileáin réitithe i mórán cásanna a chuir leis an bhfoghlaim. Bhain cáilíocht ar leith le dáileáin a scaipeadh i rang sinsearach mar athdhéanamh dúshlánach.

Bhí pleananna comhoibríocha fadtéarmacha agus gearrthéarmacha ar fáil ag na ranna ábhair ar fad. Breathnaíodh an áirithe díobh, a roghnaíodh go fánach, cuid a bhain leis na ceachtanna ar tugadh cuairt orthu, agus cuid nár bhain. Bhí an-éagsúlacht le sonrú orthu ó thaobh cáilíochta, cuid acu a bhí go han-mhaith ach cuid eile a raibh scóip mhór chun feabhais iontu.

Sna pleananna ab fhearr, leagadh amach spriocanna foghlama sainiúla do gach bliainghrúpa agus bhí cur síos iontu ar mhodhanna teagaisc, ar acmhainní, agus ar chúrsaí measúnaithe. Bhí fianaise iontu go raibh athmhachnamh á dhéanamh ag na múinteoirí ar thorthaí an teagaisc agus na foghlama, agus go raibh pleanáil chun feabhais agus chun forbartha ar siúl. Bhí cuid de na pleananna a breathnaíodh easnamhach go maith ó thaobh na sonraí céanna. Moltar cur chuige comónta don phleanáil ábhair sa scoil a aontú agus úsáid a bhaint as teimpléad comónta pleanála.

I dtromlach na ranganna díríodh aird na scoláirí i dtús ama ar na torthaí foghlama a bhí beartaithe a bhaint amach, torthaí a bhí le léamh ar an gclár bán. Bhí an cur chuige ab fhearr le fáil sna cásanna sin mar a raibh na torthaí foghlama clóscríofa amach roimh ré, agus ar taispeáint ar an scáileán, toisc sábháil mhór ama a bheith i gceist. Bua eile a bhain leo ná na torthaí foghlama a bheith á gcur in iúl ar bhealach insroichte, ar nós, ‘Beidh mé in ann a, b, c, a dhéanamh faoi dheireadh an cheachta seo.’

I gcásanna áirithe cuireadh torthaí foghlama in iúl a bhí ró-ghinearálta nó ní dhearnadh iad a shainaithint ón topaic a bhí le plé. I roinnt eile de na ceachtanna níor cuireadh na torthaí foghlama in iúl in aon chor. Gné chun forbartha is ea am an cheachta a bhainistiú go cúramach ar mhaithe le hathchuid a thabhairt ar na torthaí foghlama roimh dheireadh an cheachta leis an dul chun cinn a rinneadh leo a mheas.

Bhí modheolaíochtaí traidisiúnta agus cuir chuige níos gníomhaí san fhoghlaim á gcleachtadh agus ar uairibh bhí cumasc den dá mhodh in úsáid go héifeachtach. Tuigtear le modhanna traidisiúnta anseo an múinteoir a bheith lárnach sa cheacht, ina dháileoir eolais, ina cheistitheoir ar mhaithe le tuiscint na scoláirí a chinntiú, agus ról fulangach a bheith ag an bhfoghlaiméir sa phróiseas.

I gceacht shinsearach bhí cur i láthair le déanamh ag scoláirí ina bpéirí ar na buanna a bhain le straitéisí margáochta comhlachtaí móra aitheanta. D’fhan an múinteoir i leataobh agus rinne stiúradh éifeachtach ar na cuir i láthair trí cheisteanna ar na láithreoirí a spreagadh ón lucht éisteachta. Bhí foirm mheasúnaithe an-mhaith ar cháilíocht na gcur i láthair á líonadh ag na scoláirí i rith an ama, mar aiseolas do na láithreoirí agus mar thaca lena scileanna criticiúla féin a fhorbairt. Ba é an múinteoir an rannpháirtí ba lú sa cheacht agus ba mhó tionchar.

I gcás eile ba léir taithí na scoláirí ar mhodhanna gníomhacha foghlama as a gcumas agus féinmhúinín chun rólghlacadh a dhéanamh go héifeachtach agus meastóireacht a dhéanamh

ar cháilíocht obair a gcomhghleacaithe. Moltar rannpháirtíocht na scoláirí san fhoghlaim agus cothú ar a bhfeasacht chriticiúil a chur san áireamh a oiread agus is féidir.

Bhí straitéisí maithe ceistiúcháin sna ceachtanna ba bhisiúla a chuir iallach ar na scoláirí bearnaí san eolas a chuardach agus a iamh. Ba mhór an gar chuige seo an fhoghlaim chomhoibríoch, nó obair ina bpéirí nó ina ngrúpaí. Bhí aistrithe réidhe ann sna ceachtanna ab fhearr ó chur chuige den sórt seo go dtí an chuid ba thábhachtaí den eolas a thiomsú agus a bhuanú. Moltar cúram le hobair ghrúpa d'fhonn dúbailt ar obair na scoláirí a sheachaint. Ba chóir a chúram féin a leagadh ar gach scoláire san obair ghrúpa.

Ar na réimsí chun forbartha a aithníodh sa chleachtas i gceachtanna áirithe bhí barraíocht ábhair leagtha amach don cheacht, easpa éagsúlachta ar imeachtaí na foghlama, deiseanna labhartha teoranta ag na scoláirí, athscríobh ábhair ón glár isteach sna cóipleabhair gan feidhm leis, agus difreáil theoranta á cleachtadh. B'fhiú aird níos mó a dhíriú ar réamhfhoghlaim na scoláirí, ar an bhfoghlaim a dhaingniú, ar eochairfhocail, ar chleachtais don mheasúnú chun foghlama, agus ar aitheantas agus treoir chuiditheach scríofa ar obair na gcóipleabhar. Bhí gá i rang teanga go háirithe le focail a iniúchadh i bhfad níos mó agus ba chóir fáil a bheith ar fhoclóir sa cheacht.

Réimse chun forbartha, go háirithe i bhfianaise an díchill atá á chaitheamh le polasaí scoile uile ar an litearthacht a fhorbairt is ea an míchruinneas i labhairt na Gaeilge a chualathas le linn na meastóireachta. Is den riachtanas é cúram a dhéanamh de cheartúsáid na teanga, ag na scoláirí agus ag na múinteoirí, nó obair in aisce a bheidh sa pholasaí litearthachta.

Tá tús curtha ag na ranna ábhair le hanailís a dhéanamh ar shonraí gnóhachtála sna scrúduithe teistiméireachta agus iad a chur i gcomparáid leis na noirm náisiúnta. Chun an leas is fearr a bhaint as an anailís sin, moltar go gcuirfí nótaí tráchta leis na torthaí agus, san áit a bhfuil scóip chun feabhais i gceist, go leagfaí spriocanna amach mar chuid de straitéis iomlán na roinne ábhair.

Cé go bhfuiltear sásta i gcoitinne le gnóhachtáil na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus leis an ráta ard aistrithe chuig cúrsaí de leibhéal a seacht agus a hocht, léirigh anailís ar thorthaí Ardeistiméireachta go mb'fhiú díriú ar straitéis chun riar na scoláirí a bhaineann gráid A, B, agus C amach in ábhair áirithe ag an ardleibhéal go háirithe a fheabhsú i gcomórtas leis na meánsónraí náisiúnta.

3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH ROIMHE SEO

3.1 Bainistíocht

Eisíodh tuairiscí ar cheithre chigireachtaí ábhair leis an scoil. Tá glactha ag bord bainistíochta na scoile go dtí seo le gach ceann de na tuairiscí gan tuairim a léiriú ar thorthaí ná ar mholtaí na dtuairiscí. Moltar don bhord smaoineamh ar fhreagra scoile a chur ar thuairiscí feasta.

3.2 Foghlaim agus teagasc

Tá an-aird tugtha ag na ranna ábhair lenar bhain na cigireachtaí ar na moltaí a fheidhmiú agus tá cuntas ar an méid sin le léamh sna pleananna ábhair lena mbaineann. Tá sé le moladh chomh maith go bhfuil cur i láthair don fhoireann ar fad ar mholtaí na dtuairiscí mar ghnáthnós ar mhaithe le téamaí comónta a aithint. Tá cuid de na moltaí le cur i bhfeidhm mar ghnáthnós fós, mar ba léir i roinnt de na ceachtanna ar tugadh cuairt orthu.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Tá próiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) ina thús, agus is gné chun forbartha é. Dea-chomhartha maidir le hacmhainn feabhsaithe na scoile is ea an oscailteacht a bhí go follasach i measc na múinteoirí i leith moltaí chun feabhais sna cruinnithe aiseolais leis na cigirí. Is léir go bhfáiltíonn na múinteoirí roimh cheannaireacht chun feabhsúcháin.

Baineann an chéad iarracht FMS, atá ag céim a ceathair sa phróiseas sé chéim, le litearthacht Ghaeilge na scoláirí a fheabhsú. Sa réamhobair don tuairisc Phlean Feabhsúcháin Scoile díriodh ar eispéiris fhoghlama agus ar ghnóthachtáil scoláirí na chéad bhliana agus ar chleachtais an teagaisc. Tá an obair seo ar fad tairbheach mar phlé oscailte ar chleachtais.

Is maith go bhfuil clár i bhforbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ar mhodhanna teagaisc agus foghlama aitheanta. Maidir leis an ngá le feasacht teanga agus cruinneas Gaeilge na scoláirí a fheabhsú, ba chóir tabhairt faoi seo go tuisceanach i bhfianaise ar luadh cheana faoi chruinneas na Gaeilge i measc na foirne agus na scoláirí araon.

Léirigh torthaí an tsuirbhé ar thiomantas na scoláirí don Ghaeilge a labhairt mar ghnáthnós patuaire áirithe faoin gceist seo. Is ceist í seo a théann go cnámh na huillinne maidir le príomhaidhm na scoile. Maítear straitéisí dearfacha de rogha ar smachtbhannaí agus ceannasaíocht ar an aidhm seo a roinnt leis na scoláirí seachas a chur i bhfeidhm orthu.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Bhí an Bord agus comhphobal na scoile thar a bheith sásta leis na pointí seo a leanas a d'aithin na cigirí:

1. Dea-cháilíocht nó ardcháilíocht leis an teagasc agus foghlaim i dtromlach na gceachtanna.
2. Nithe dearfacha le háireamh maidir le héifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim:
 - a. Mian na bainistíochta sinsearaí leis an gcáilíocht is fearr teagaisc agus foghlama a sholáthar
 - b. An anailís ar ghnóthachtáil i scrúduithe teistiméireachta
 - c. An aird ar mholtaí tuairiscí cigireachta ábhair
 - d. Tacaíocht don fhorbairt ghairmiúil leanúnach ag leibhéal na ranna ábhar ón mBord
 - e. Cáilíochtaí breise iarchéime atá bainte amach ag múinteoirí áirithe
 - f. Oiliúint á cur ar an bhfoireann i gcomhtháthú acmhainn teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)
 - g. Díograis agus féinspreagthacht na múinteoirí i leith leasa na scoláirí
 - h. Ranganna breise scrúduithe teistiméireachta á gcur ar fáil in am na múinteoirí féin.
3. Ardcháilíocht a bhaineann leis an gcúram a dhéantar do na scoláirí.
4. An córas tréadchúraim atá préamhaithe go láidir sna struchtúir mheánbhainistíochta agus in eagar na ranganna.
5. Foireann tacaíochta na scoláirí.
6. An tSeirbhís don Treoir agus Comhairleoireacht a théann ibhfad thar a bhfuil dlite dó ar an amchlár.
7. Saineolas in oideachas riachtanais speisialta.
8. Clár leathan ábhar ar churaclam na scoile.
9. Meas ar chlár agus ar bhainistiú na hIdirbhliana.
10. An sprid láidir agus an dea-atmaisféar folláin atá sa scoil.
11. An réimse mór imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim atá ar fáil as obair dheonach na múinteoirí.
12. An coiste tuismitheoirí atá an-ghníomhach sa scoil.

Ceachtanna

13. Úsáid thairbheach á baint as acmhainní TFC sna ceachtanna.
14. Dáileáin réitithe a chuir leis an bhfoghlaim.
15. Modheolaíochtaí traidisiúnta agus cuir chuige níos gníomhaí san fhoghlaim á gcleachtadh agus an dá mhodh in úsáid go héifeachtach.

16. Athmhachnamh á dhéanamh ag na múinteoirí ar thorthaí an teagaisc agus na foghlama.
17. Straitéisí maithe ceistiúcháin sna ceachtanna.
18. Cur i láthair don fhoireann ar fad ar mholtaí na dtuairiscí cigireachta mar ghnáthnós ar mhaithe le téamaí comónta a aithint.
19. An oscailteacht a bhí go follasach i measc na múinteoirí i leith moltaí chun feabhais sna cruinnithe aiseolais leis na cigirí.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

1. Tá sceideal athbhreithnithe agus meastóireachta leagtha amach ag an mBord Bainistíochta ar pholasaithe agus ar phríomhghnéithe na scoile. Tá plean forbartha tosaithe.
2. Lorgaíodh ionchur na dtuismitheoirí agus na scoláirí faoi athbhreithniú ar an gCód Iompair i Meitheamh 2014.
3. Beidh cruinniú idir bhaill an Bhoird, Comhairle na Scoláirí, agus Coiste na dTuismitheoirí i mí na Samhna 2014.
4. Tá cur chuige comónta don phleanáil ábhair sa scoil aontaithe ó Mheán Fómhair 2014.
5. Déanfar Ráiteas Misin na scoile a athbhreithniú roimh an Cháisc. Lorgófar ionchur na gcomhpháirtneirí oideachais uile.
6. Beidh plé gairmiúil ag deireadh na bliana ag sealbhóirí poist leis an mbainistíocht shinsearach agus iarrfar orthu tuairisc a réiteach ar a gcuid post. Tá teimpléad aontaithe don obair sin.
7. Bunaíodh Coiste pleanála chun forbairt an teagaisc agus na foghlama a chur chun cinn.
8. Bhí cúrsa inseirbhíse foirne ar siúl ar mheasúnú chun foghlama i Lúnasa 2014.
9. Córas breathnóireachta ar ranganna le bheith i bhfeidhm tar éis an leath-théarma 2014.
10. Tá obair tosaithe ar lámhleabhair foirne a ullmhú chomh maith le polasáí foirmeálta ar mhaithe le múinteoirí nua a ionduchtú.
11. Bunaíodh Coiste pleanála chun Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a eagrú agus a fhorbairt. D'fhreastail beirt mhúinteoirí ar chúrsa inseirbhíse dhá lá eagraithe ag an PDST agus beidh plean nua á fhorbairt i mbliana.
12. Is iad na spriocanna don phlean feabhsúcháin i mbliana ná:
 - a. Cruinneas na Gaeilge i measc na scoláirí agus na múinteoirí a fheabhsú
 - b. Níos mó deiseanna labhartha a thabhairt do na scoláirí sna ceachtanna

13. Táthar ag tabhairt faoi imeachtaí dearfacha a eagrú chun labhairt na Gaeilge a spreagadh sa scoil m.sh. comórtas físe.
14. Leanfar leis an anailís ar thorthaí na scrúduithe stáit. I scoil ar bith, áfach, ina bhfuil scoláirí de chumas níos fearr ná na noirm náisiúnta, ba cheart do thorthaí na scrúduithe a bheith níos fearr freisin. Cuirfear ár gcuid torthaí i gcomparáid leis na noirm náisiúnta ach cuirfear san áireamh freisin torthaí an mheasúnaithe iontrála agus déanfar nótaí tráchta orthu i gcomhthéacs ár scoláirí féin.
15. Tabharfar faoi na moltaí eile chomh luath agus is féidir linn.